

Scéim Iompar Scoile – Deontas na gCeantar Iargúlta

Tá an méid seo a leanas ceaptha chun eolas a chur ar fáil i dtaobh Dheontas na gCeantar Iargúlta.

- **Cuspóir na Scéime Iompar Scoile**

Is é cuspóir na Scéime Iompar Scoile ná tacú le hiompar páistí a bhfuil cónaí orthu i bhfad ón scoil go dtí an scoil agus abhaile ón scoil, ag tabhairt aird ar na hacmhainní atá le fáil.

- **Critéir Intofachta don Iompar Scoile**

Faoi théarmaí na Scéime Iompar Scoile:

- Tá páistí **bunscoile** intofa ar iompar má tá siad ina gcónaí 3.2 km ar a laghad ón scoil náisiúnta is goire dóibh, de réir mar a bheidh cinnte ag an Roinn nó ag Bus Éireann, agus ag freastal ar an scoil náisiúnta sin, ag tabhairt aird ar shainspiorad agus ar theanga.

Tá páistí **iar-bhunbunscoile** intofa ar iompar má tá siad ina gcónaí 4.8 km ar a laghad ón lárionad oideachais is goire dóibh, de réir mar a bheidh cinnte ag an Roinn nó ag Bus Éireann, agus ag freastal ar an lárionad oideachais sin, ag tabhairt aird ar shainspiorad agus ar theanga.

- **Próiseas Iarratais don Iompar Scoile**

Bíonn ar thuismitheoirí gur mian leo feidhm a bhaint as na seirbhísí iompar scoile, don chéad uair riamh, Foirm Iarratais ar Iompar Scoile agus í comhlánaithe a chur faoi bhráid na hoifige áitiúla de chuid Bhus Éireann áitiúil acu; tá sonraí faoi oifigí áitiúla Bhus Éireann le fáil ar shuíomhanna gréasáin na Roinne agus Bus Éireann.

Is é Bus Éireann a fheidhmíonn an scéim iompar scoile thar ceann na Roinne, agus rachaidh siadsan i dteagmháil leis na hiarratasóirí go léir maidir lena n-intofacht ar iompar scoile:

- áit a bhfuil seirbhís iompair ar fáil do pháistí intofa, is é Bus Éireann i gcónaí a dhéanfaidh comhthadhall le teaghlaigh intofa maidir le sonrascú, íocaíochtaí, ticéadú etc.

- áit nach bhfuil aon seirbhís iompair ar fáil do pháistí intofa, cuirfidh Bus Éireann sonraí na n-iarratasóirí ar aghaidh chuig an Roinn, agus déanfaidh an Roinn teagmháil le teaghlaigh go díreach maidir le Deontas na gCeantar Iargúlta.

Is den tábhacht é a thabhairt faoi deara nach mór iarratas ar iompar scoile a dhéanamh sular féidir Deontas Ceantar Iargúlta a bhreithniú.

- **Deontas na gCeantar Iargúlta**

Is ceadaithe do pháiste nach bhfuil aon seirbhís iompair le fáil dó/di, Deontas Ceantar Iargúlta a fháil do chostais socruithe príobháideacha iompair, tar éis d'iarratas ar iompar a bheith déanta laistigh de na teorainneacha forordaithe ama.

Ní mór iarratas ar iompar a chur faoi bhráid i leith gach páiste ina dhiaidh sin a mbeidh iompar ag teastáil uaidh/uaithe, fiú i gcásanna ina bhfuil an teaghlach ag fáil Dheontas na gCeantar Iargúlta cheana féin.

Tá an deontas iníoctha go bliantúil ag deireadh na scoilbhliana agus bíonn sé bunaithe go hiondúil ar an achar a chónaíonn an teaghlach óna scoil intofachta.

Tá Deontas na gCeantar Iargúlta iníoctha chomh maith do pháistí intofa bunscoile nó iar-bhunscoile a mbíonn orthu taisteal 3.2 km nó níos mó ná sin go dtí nó ó phointe ainmnithe bailithe/tuirlingthe de chuid Bhus Éireann.

Áit a mbíonn an pointe bailithe níos mó ná leath an achair ón mbaile go dtí an scoil:

- ríomhfar an deontas de réir an achair ón mbaile go dtí an scoil i gcásanna nach mbaineann an teaghlach feidhm as an tseirbhís iompair.

- ríomhfar an deontas de réir an achair ón mbaile go dtí an pointe bailithe i gcásanna ina mbaineann an teaghlach feidhm as an tseirbhís iompair.

- **Rátaí íocaíochta do Dheontas na gCeantar Iargúlta**

Achar	Ráta Laethúil
3.2 – 4.7 km	€1.30
4.8 – 6.4 km	€2.60
6.5 – 8.0 km	€3.30
8.1 – 9.6 km	€4.20
9.7 +	€5.10

- **Eolas ginearálta**

Is é €5.10 in aghaidh an lae uasmhéid an liúntais laethúil atá iníoctha faoi Dheontas na gCeantar Iargúlta – is cuma cén líon páistí ón teaghlach céanna atá ag taisteal chuig scoileanna áirithe. I gcás teaghlach a bhfuil níos mó ná páiste intofa amháin acu ríomhfar an deontas trí thagairt don pháiste a bhfuil an taifead is airde freastail aige/aici.

Ní bhreithneofar deontais ach i leith na scoilbhliana ina bhfaighfear iarratas ar iompar; ní íocfar deontais go siarghabhálach.

Tá deontais faoi réir ag athbhreithniú tréimhsiúil agus is féidir go n-athrófar nó go dtarraingfear siar iad áit a dtagann athrú ar na tosca e.g. áit a dtagann iompar scoile chun bheith ar fáil.

Ní mór aon athrú sna tosca e.g. athrú seolta, faoinar tugadh faomhadh do Dheontas na gCeantar Iargúlta a fhógairt don Roinn láithreach.

Is ceart an doiciméad seo a léamh in éineacht leis an Scéim Iompar Scoile atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

Má bhíonn aon eolas breise ag teastáil uait déan teagmháil le do thoil le:

An Rannóg Iompar Scoile
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Bóthar Phort Laoise
Tulach Mhór
Co Uíbh Failí

Fón 057 9325466/7

Feabhra 2013